


## Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 16

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 16” ar CD an Dalta.

Glac le sleasa éagsúla triantáin mar bhonn, agus fiosraigh luach “leath an bhoinn iolraithe faoin aired ingearach” chuí.



(Tá na figiúirí sa chomhad idirghníomhach cruinn go dtí ionad deachúlach amháin, rud a d'fhéadfadh míchruinnis bheaga a thabhairt. Mar shampla, tugann na figiúirí,  $\frac{1}{2}(5.8)(4.4)$  an freagra 12.76, seachas an freagra 12.8 atá luaite.)

- Más é AC an bonn, cé acu líne an airde ingearach? Tabhair fáth le do fhreagra.  


---


---
- Gan aon cheann de na pointí a bhogadh, cad é fad AC agus cad é fad na hairde ingearaí a fhreagraíonn dó? Más ionann achar triantáin agus leath an bhoinn iolraithe faoin airde ingearach, cad é achar an triantáin ABC nuair is é AC an bonn?  


---


---
- Gan aon cheann de na pointí a bhogadh, faigh fad BC agus fad na hairde ingearaí a fhreagraíonn dó. Agus faigh achar an triantáin ABC nuair is é BC an bonn.  


---


---
- Gan aon cheann de na pointí a bhogadh, faigh fad AB agus fad na hairde ingearaí a fhreagraíonn dó. Agus faigh achar an triantáin ABC nuair is é AB an bonn.  


---


---

5. Cad a thugann tú faoi deara faoi na luachanna a fuair tú d'achair na dtriantán sna trí cheist thuas?

---



---



---

6. Más é 4 an airde ingearach agus más é 12.8 achar an triantáin, faigh fad an bhoinn cruinn go dtí ionad deachúlach amháin. An bhfuil do chuidse figiúirí ag teacht leis na figiúirí sa chomhad idirghníomhach?

---



---



---

7. Bog roinnt de na pointí A, B nó C nó bog iad ar fad iad. Beidh boinn nua agat ansin agus airdí ingearacha nua ag freagairt dóibh. Cláraigh iad agus faigh na hachair. An bhfuil na hachair nua mar a chéile?

---



---



---

8. Déan ceist 7 in athuir. Roghnaigh luachanna difriúla arís an uair seo. Cén gaol a bhí idir na hachair an uair seo?

---



---



---

9. Ó na ríomhaireachtaí atá déanta agat sna ceisteanna deireanacha, cén tuairim a bheadh agat maidir leis an slios is cóir a roghnú mar bhonn triantáin nuair atá achar an triantáin le fáil?

---



---

### Dúshlán

10. Faigh faid na mírlínite CD, BF sa léaráid thíos.

